An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta
National Economic & Social Development Office NESDO

# AN OIFIG NÁISIÚNTA UM FHORBAIRT EACNAMAÍOCH AGUS SHÓISIALTA

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

# DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2010

**AN OIFIG NÁISIÚNTA UM FHORBAIRT EACNAMAÍOCH AGUS SHÓISIALTA** 1

**TUARASCÁIL BHLIANTÚIL DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2010** 1

**RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH** 3

**FUTURESIRELAND** 5

**AN CHOMHAIRLE NÁISIÚNTA EACNAMAÍOCH AGUS SHÓISIALTA (CNES)** 6

**AN FÓRAM NÁISIÚNTA EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA (FNES)** 11

**AN TIONAD NÁISIÚNTA UM CHOMHPÁIRTÍOCHT AGUS FEIDHMÍOCHT (INCF)** 12

**POLASAITHE CUNTASAÍOCHTA** 13

**RÁITEAS AIRGEADAIS NA HOIFIGE** 15

**AGUISÍN A** 26

**1.1 Comhaltaí Boird na hOifige Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta** 26

**1.2 Comhaltaí den Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta** 26

# RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH

Bunaíodh an Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (ONFES) faoin Acht um an Oifig Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialach, 2006. Is é an sainmhíniú atá san Acht ar fheidhm ONFES ná comhairle a chur ar an Taoiseach maidir leis na ceisteanna straitéiseacha go léir a bhaineann le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta sa Stát. Déantar an fheidhm sin a fheidhmiú ar na dóigheanna seo a leanas:

- Trí chláir éagsúla chomlántacha a bhaineann le taighde, anailís agus plé a éascú agus a chur chun cinn. Déantar é sin tríd an trí chomhfhoras a bhaineann leis an Oifig: an Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta (CNES), an Fóram Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialta (FNES) agus an tIonad Náisiúnta um Chomhpháirtíocht agus Feidhmíocht (INCF);

- Trí chomhsheirbhísí riaracháin agus tacaíochta a sholáthar do na comhfhorais. Déanann na comhfhorais taighde, suirbhéanna agus staidéir agus cuireann an Oifig  tuarascálacha, moltaí nó conclúidí a eascraíonn astu siúd, agus a thugtar don Oifig, faoi bhráid an Rialtais, agus

- Trí shocruithe a dhéanamh leis na tuarascálacha, moltaí agus conclúidí sin de chuid na gcomhfhoras a fhoilsiú.

Is é bunról ONFES cur le luach obair na gcomhfhoras trí na coinníollacha cearta a bhunú trínar féidir sinéirgí a scaoileadh, tabhairt faoi chomhthionscadail agus dúbláil na hoibre a laghdú.

Mar gheall ar chinneadh rialtais, cuireadh deireadh leis an FNES agus an INCF le héifeacht ó 1 Aibreán 2010. I ndiaidh gur cuireadh deireadh leis an dá fhoras seo, lean ONFES ag cur seirbhísí iomlána riaracháin agus tacaíochta ar fáil don CNES, agus ag cur tuarascálacha, moltaí agus conlúidí a bhain le tionscadail an CNES faoi bhráid an Rialtais. Rinneadh socruithe freisin leis na rudaí sin a fhoilsiú. Faoin Acht, is féidir forais eile a chruthú sa todhchaí laistigh de chreat ONFES má chinneann an Rialtas ar a leithéid a dhéanamh. Is saoráid úsáideach í seo atá ar fáil don Rialtas reatha agus do Rialtais a bheidh i réim amach anseo. Níl sé i gceist a leithéid d'fhoras nua a bhunú faoi láthair, ach bhíothas den tuairim go luífeadh sé le ciall ONFES a fhágáil mar atá mar nach mbaineann aon mhórchostas leis mar eagras sa bhreis ar na costais a bhaineann leis an CNES.

Cuireadh an chuid is mó den fhoireann ón dá fhoras ar cuireadh deireadh leo ag obair leis an CNES. Mar gheall ar an aistriú seo foirne, tá scileanna agus eolas níos leithne ag an rúnaíocht, rud a fhágann gur féidir leo seirbhís níos fearr a chur ar fáil agus costais oiliúna foirne a laghdú.

Le linn 2010, rinneadh de réir na nósanna imeachta cuí i dtaca le tuairisciú airgeadais, iniúchadh inmheánach, taisteal, soláthar agus diúscairt sócmhainní.

Bunaíodh Coiste nua Iniúchta de chuid ONFES. Tá an Coiste comhdhéanta de Chathaoirleach neamhspleách, duine ainmnithe ag Roinn an Taoisigh agus duine ainmnithe ag Príomhoifigeach ONFES. Tá cead ag Bord ONFES comhaltaí an Choiste a athrú nuair a bhíonn gá leis.

Is iad comhaltaí reatha an Choiste Iniúchta:
- John Hynes (Cathaoirleach);
- Ray Henry, Roinn an Taoisigh;

- Helen Johnston, ONFES.

Baineann an Coiste Iniúchta úsáid as acmhainní an Aonad Iniúchta Inmheánaigh (AII) i Roinn an Taoisigh lena chuid iniúchta féin a dhéanamh. Sular bunaíodh Coiste Iniúchta ONFES, chuir an AII tuarascálacha iniúchta maidir le ONFES faoi bhráid Choiste Iniúchta Roinn an Taoisigh. As seo amach is faoi bhráid Choiste Iniúchta ONFES a chuirfear na tuarascálacha iniúchta. Is é an fáth a ndéantar iniúchadh inmheánach ná chun a dhearbhú do Bhord ONFES go bhfuil córas na rialuithe inmheánacha ag ONFES leordhóthanach agus éifeachtach. Bíonn an t-iniúchadh inmheánach mar ghléas ag an Bhord agus ag Bainisteoirí ONFES le hanailís agus measúnú a dhéanamh ar chórais rialaithe ONFES. Áirítear san iniúchadh ullmhú agus craobhscaoileadh múnlaí ginearálta i dtaca leis an 'Chleachtas is Fearr' le gur féidir leis an Bhord agus Bainisteoirí ONFES déanamh dá réir. Beidh an tAonad Iniúchta Inmheánaigh go fóill ar fáil ar bhonn comhairleach agus tionscadail á bhforbairt lena chinntiú go mbíonn na bearta rialaithe leordhóthanach.

Tháinig an Coiste le chéile den chéad uair i mí an Mhárta 2011 agus tá iniúchadh á dhéanamh faoi láthair ar phárolla ONFES. Déanfaidh an Bord athbhreithniú ar na socruithe maidir le hiniúchadh inmheánach i ndiaidh an chéad tréimhse leathbhliana.

Rinneadh athbhreithniú i rith na bliana ar Threoirlínte ONFES maidir le Polasaithe agus Nósanna Imeachta ina bhfuil cur síos ar rialú corparáideach na hOifige. Rinneadh iad a athshonrú le go mbeidís ag teacht leis na riachtanais éagsúla atá sa Chód Cleachtais um Rialú Cuideachtaí Stáit agus le hathruithe eile reachtúla atá tagtha i bhfeidhm ó scríobhadh na Treoirlínte an chéad lá. Rinne an Bord na Treoirlínte athchóirithe a fhaomhadh ag cruinniú dá chuid i mí an Mheithimh 2011. Tá mé féin sásta go bhfuil na Treoirlínte á gcur i bhfeidhm ina n-iomláine.

Rinne an Oifig dréacht de Nósanna Imeachta ONFES um Rialú Inmheánach Airgeadais in 2010. Áirítear ann nósanna imeachta agus caighdeáin i dtaca le hairgead tirim, an párolla, admhálacha, íocaíochtaí, taisteal agus speansais, soláthar, sócmhainní seasta, TF, slándáil, rialuithe buiséadacha agus bainistiú agus coinneáil taifead. D'fhaomh an Bord na Nósanna Imeachta um Rialú Inmheánach Airgeadais ag cruinniú dá chuid i mí an Mheithimh 2011. Dearbhaím nár aimsíodh aon sárú ar na nósanna imeachta le linn 2010 agus go ndearnadh go hiomlán de réir na riachtanas i bpolasaí taistil an Rialtais.

Is é an duine céanna atá ag obair i bpost an Phríomhoifigigh ag ONFES agus i bpost an Stiúrthóra ar an CNES. Íoctar é de réir a phoist mar Stiúrthóir ar an CNES agus ní fhaigheann sé aon chúiteamh sa bhreis, luach saothair ná speansais maidir lena ról mar Phríomhoifigeach. Socraítear íocaíocht chomhaltaí foirne uile ONFES agus an CNES, an Príomhoifigeach/Stiúrthóir san áireamh, de réir na gciorclán cuí i dtaca le híocaíochtaí arna n-eisiúint ag an Roinn Airgeadais, agus tá mé féin sásta go bhfuiltear ag déanamh de réir na gciorclán seo.

Mar fhocal scoir, dearbhaím nach raibh aon imeacht shuntasach ann i ndiaidh gur socraíodh an clár comhardaithe.

Dermot McCarthy
Cathaoirleach
An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta

Tugtar ar aird: Níl Ráiteas an Chathaoirligh iniúchta go fóill

# FUTURESIRELAND

D'iarr Roinn an Taoisigh ar ONFES beart réamhfhéachana a dhéanamh i dtaca le Sochaí na Foghlama. Cuireadh tús leis an tionscadal, ar a dtugtar FuturesIreland i mí Aibreáin 2007, cuireadh i gcrích é in 2009 agus seoladh an tuarascáil deiridh in 2010.

Tríd an tionscadal scrúdaíodh na dúshláin rialaithe agus eagrúcháin a thagann chun cinn anois go bhfuil an tsochaí ina mhairimid níos dinimiciúla agus daoine níos tugtha do rudaí úra a thriail agus a bheith rannpháirtíoch ó thaobh sóisialta de. Is é an phríomhargóint a chuirtear chun cinn i dtuarascáil deiridh FuturesIreland go santaíonn muintir na hÉireann a bhíonn ag plé le cúrsaí gnó agus seirbhísí poiblí agus an tsochaí níos mó nuálaíochta, foghlaim níos leithne agus cuntasacht níos doimhne, ach go bhfuil na cumais agus na cleachtais atá mar thacaíocht leis sin srianta ag an chóras eagraíochtúil atá againn. Tá an pheirspictíocht seo maidir le cumas na hÉireann sochaí fhoghlama a chruthú bunaithe ar cheithre phríomhthoradh an tionscadail:

- **Toradh 1:** Is follasach go bhfuil an geilleagar, an tsochaí agus réimse an rialachais phoiblí in Éirinn fite fuaite ina chéile agus go bhfuil ag trasphórú a chéile níos mó, rud a chuireann lenár gcumas foghlama agus nuálaíochta.

**- Toradh 2:** Is córasach an rud é an nuálaíocht agus an fhoghlaim. De ghnáth bíonn tionscnaíocht, athbhreithniú disciplíneach agus an toil chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin ag trí leibhéal éagsúla mar chuid thábhachtach den nuálaíocht agus den fhoghlaim. Is iad an trí leibhéal atá i gceist ná institiúidiúil, idirphearsanta agus pearsanta.

Ba é athbhreithniú disciplíneach, córasach an ghné a bhí lárnach san fhianaise go léir a measadh. Is é atá i gceist leis sin ná réimse teicnicí agus próiseas a bhíonn in úsáid ag nuálaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar a ndéanann siad, agus chun é sin a nascadh le dóigheanna le feabhas a chur agus athrú a dhéanamh ar an dóigh a dtéann siad i mbun oibre. Mar chuid den phróiseas sin, ní ghlacfaí leis an mhíniú ba thúisce a smaoineofaí air i dtaca leis na deacrachtaí a bheadh le sárú. Is amhlaidh a d'fhéachfaí leis an athrú a bheadh éifeachtach a lorg, bíodh sé sin beag nó radacach, trí na bunchúiseanna le teip agus rathúlacht a lorg.

**Toradh 3:** Bhí an t-athbhreithniú córasach disciplíneach mar bhunús leis an nuálaíocht agus leis an chuntasacht araon, rud atá tábhachtach go mórmhór ag an am seo. Cé go bhfuil níos mó seasmhachta agus cuntasachta de dhíth orainn caithfear athruithe radacacha a chur i bhfeidhm chomh maith.

**Toradh 4:** Ní thiocfaidh aon bhláth ar an chineál nuálaíochta agus foghlama a aimsíodh, agus ní bheifear in ann na torthaí a bhaint, gan athrú ó bhun a dhéanamh ar ár gcórais eagraíochtúla, go háirithe na córais rialaithe agus cuntasachta atá againn.

I mí Aibreáin 2010, eagraíodh comhdháil náisiúnta le tuarascáil deiridh an tionscadail a phlé mar aon lena gaolmhaireacht le géarchéim chúig phointe na hÉireann. An teideal a bhí ar an tuarascáil ná *Ireland At Another Turning Point: Reviving Development, Reforming Institutions and Liberating Capabilities,* Tuarascáil ONFES Uimhir 1. Dhírigh an chomhdháil ar an tábhacht a bhaineann le cláir fhóirsteanacha oibre i dtaca leis an athrú agus seirbhísí poiblí á n-eagrú agus á seachadadh, san áireamh córais nua monatóireachta agus cuntasachta.

# AN CHOMHAIRLE NÁISIÚNTA EACNAMAÍOCH AGUS SHÓISIALTA

**Intreoir**
Le linn 2010, lean an Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta (CNES) leis an chlár oibre ar glacadh leis in 2007. D'fhoilsigh an Chomhairle dhá thuarascáil i rith na bliana:

i. The Euro: An Irish Perspective

ii. Re-finding Success in Europe: the Challenge for Irish Institutions and Policy

**The Euro: An Irish Perspective (Tuarascáil Uimhir 121, CNES, Iúil 2010)**
Sa tuarascáil seo tá athbhreithniú ar bhunú agus ar dhearadh aontachta eacnamaíche agus airgeadaíche san Eoraip. Tá tagairt déanta do shúilíochtaí na bpáirtithe agus na n-anailísithe agus don ábhar dóchais agus don ábhar imní a bhí acu. Léirítear go raibh cuid mhaith den ábhar teannais atá ann ó 2008 ar aghaidh bunaithe ar theannas a bhí ann ag dul i bhfad siar sna blianta. Mar chuid den staidéar rinneadh anailís agus tugadh léirmhíniú ar fhorbairtí i limistéar an euro agus ar eispéireas na hÉireann i dtaca leis an euro. Leagtar béim ar laigí na bpolasaithe eacnamaíocha agus sa chomhordnú ag leibhéal an AE agus náisiúnta araon. D'áitigh an Chomhairle go raibh polasaí fioscach na hÉireann mar léiriú ar na difríochtaí polaitiúla eacnamaíocha gan réiteach i dtaca le leibhéal agus tarlú cánachais, tithíocht, talamh agus ceisteanna eile.

Léiríonn anailís na Comhairle:
- Go ndeachaigh sé chun leasa na hÉireann glacadh leis an euro agus dá mba rud é nach raibh Éire i ndiaidh glacadh leis, gur dócha gur measa as a bheimis ó thaobh na géarchéime atá ann anois le dhá bhliain anuas;

- Sa deich mbliana atá imithe tharainn, ní dearnadh go leor leasuithe ar chur chuige na hÉireann i dtaca le polasaí fioscach, praghsanna, costais agus rialáil airgeadais le go mbeadh na rudaí sin ar fad ag teacht leis na disciplíní a bhainenn le hairgeadra aonair;

- In ainneoin céimeanna tábhachtacha a bheith tugtha le dhá bhliain anuas, tá dúshláin mhóra roimh an euro: éifeachtúlacht na tacaíochta airgeadais atá tugtha don Ghréig, téarnamh gheilleagar iomlán na hEorpa i gcomhthéacs na déine fioscaí, agus na rioscaí leanúnacha atá roimh an chóras airgeadais ag leibhéal domhanda agus Eorpach.

**Re-finding Success in Europe: The Challenge for Irish Institutions and Policy (Tuarascáil Uimhir 122, CNES, Nollaig 2010)**
Mar fhreagairt ar iarratas ón Rialtas, rinne an Chomhairle athbhreithniú ar eispéireas na hÉireann agus ar a gníomhú athraitheach san Aontas Eorpach (AE). Rinneadh anailís sa tuarascáil ar eispéireas na hÉireann i dtaca leis an mhargadh inmheánach, talmhaíocht, aontacht eacnamaíoch agus airgeadaíoch, polasaithe sóisialta, polasaithe eacnamaíocha, méadú, caidrimh sheachtracha agus cóir agus gnóthaí baile. Mar thoradh air sin dearbhaíodh an tionchar dearfach a bhí ag ballraíocht na hÉireann san AE agus ag polasaithe an AE ar dhul chun cinn suntasach eacnamaíoch agus sóisialta na hÉireann idir 1987 agus 2000.

Dírítear aird sa tuarascáil seo ar na hathruithe tábhachtacha san AE. Maidir le roinnt réimsí áirithe a bhfuil cumas ar leith ag an AE iontu tá athrú tagtha ar an dóigh a gceaptar polasaithe: níl an próiseas chomh lárnaithe, céimlathach ná aonfhoirmeach agus a bhíodh. I réimsí eile ina bhfuil tosaíocht ag na ballstáit, tá sé ag tarlú níos mó go ndéantar polasaithe a cheapadh agus a chur i bhfeidhm de réir chreat an AE. Tá córas éifeachtach forbartha ag an AE i réimsí éagsúla polasaithe atá bunaithe ar chomhshocrú spriocanna, feidhmniú dílárnaithe, malartú eolais, foghlaim agus athbhreithniú ar chórais.
Léirítear sa tuarascáil gur theip ar an AE sa chás nár ghlac na ballstáit páirt sna próisis maidir le comhshocrú spriocanna agus monatóireacht, go háirithe i dtaca le comhordnú polasaithe fioscacha agus maoirsiú na baincéireachta. Bhí rath ar Éirinn i gcásanna áirithe: nuair a bhí ár gcóras polasaithe, gníomhaireachtaí poiblí agus cur chuige na comhpháirtíochta ag teacht le próisis éifeachtacha ag leibhéal an AE agus nuair a bhí cur chuige againn sa bhaile i leith fuascailt fadhbanna a bhí cosúil le cur chuige an AE. Áirítear ansin codanna móra den mhargadh inmheánach, cosaint na timpeallachta, sábháilteacht bia agus réimsí eile. Is lú rath a bhí ar Éirinn sa chás go raibh siad siúd a bhí ag plé le polasaithe náisiúnta den tuairim go raibh páirtíocht an AE sa scéal mar *chur isteach ar fhlaitheas na tíre* (mar shampla, an stádas fioscach). Níor éirigh chomh maith sin linn nuair a bhíothas den tuairim nach raibh sa tasc a bhí idir lámha ach *beart le teacht le córas réamhshocraithe* de chuid an AE (mar shampla, an cur chuige a bhí ann ag an tús i leith teileachumarsáide agus fuinnimh). Ní rathúil a bhí muid ach oiread nuair nár tapaíodh an deis le húsáid a bhaint as na próisis nua AE faoi choinne athbhreithnithe doimhin ar pholasaithe agus faoi choinne na foghlama (mar shampla, i dtaca le hairgeadas poiblí, bainistíocht caiteachais agus i gcodanna áirithe den mhargadh saothair agus polasaithe um chuimsiú sóisialta).

Bunaithe ar an anailís seo tháinig an Chomhairle ar thrí phríomhthoradh polasaí. Sa chéad dul síos, is é cáilíocht agus feidhmiú polasaithe náisiúnta an rud is mó a shocraíonn cé acu a éireoidh nó nach n-éireoidh Éire san AE. Sa dara dul síos, caithfidh an AE agus na ballstáit dul i ngleic, mar ábhar práinne, le dhá dhúshlán i dtaca le polasaithe:

- Gníomhú leis an euro a chosaint agus téarnamh eacnamaíoch a bhaint amach ar fud an AE;

- Na próisis athchóirithe a láidriú le go mbeidh rath ar *Straitéis Eorpach 2020 i dtaca le Fás Cliste, Inbhuanaithe, Cuimsitheach*.

Is mór an leas a bhainfidh Éire as rathúlacht thionscnaimh an AE a bheadh bunaithe ar an dá rud. Sa tríú dul síos, má tá rath le bheith ar Éirinn i gcomhthéacs an AE sa 21ú haois, caithfear córas maidir le polasaithe náisiúnta a chur i bhfeidhm trínar féidir taifead, comparáid, anailís agus plé níos fearr a dhéanamh ar ár gcórais i dtaca le polasaithe agus seirbhísí ag leibhéal na ngníomhaireachtaí, na ranna, na polaitíochta agus an AE.

**Tionscadail Eile**
Le linn 2010, lean an Chomhairle lena cuid oibre ar na tograí seo a leanas:

- Polasaithe Dífhostaíochta agus Margadh Gníomhach Saothair, 2010-2015;

- Caighdeáin agus Cuntasacht i Soláthar Seirbhísí Daonna; agus

- Polasaí Fiontraíochta.

Táthar ag leanacht ar aghaidh le hobair ar na tograí sin agus ar thograí eile in 2011.

**Cruinnithe de chuid na gComhairlí Eacnamaíocha agus Sóisialta**
Bhí an CNES páirteach sa chruinniú bliantúil a bhí ag Comhairlí Eacnamaíocha agus Sóisialta bhallstáit an AE a d'óstaigh Comhairle Eacnamaíoch agus Shóisialta na Beilge. Ag an chruinniú, cuireadh i gcomparáid lena chéile freagairtí na rialtas náisiúnta agus na gcomhairlí eacnamaíocha agus sóisialta ar an ghéarchéim idirnáisiúnta airgeadais agus eacnamaíochta.

**Cruinnithe de chuid an CNES bhí ann in 2010**
Tháinig an CNES le chéile seacht n-uaire in 2010:
15 Eanáir
19 Feabhra
19 Márta
16 Aibreán
21 Bealtaine
25 Meitheamh
16 Iúil
Tháinig deireadh le téarma trí bliana na Comhairle i mí Iúil 2010.

**Gníomhartha Eile de chuid Rúnaíocht an CNES**
Le linn 2010, rinne Rúnaíocht an CNES cuid mhór cainteanna ar obair na Comhairle, bhí siad páirteach i réimse comhdhálacha, seimineár agus ceardlann agus bhí siad ar roinnt coistí agus páirteach i ngrúpaí oibre. Tá cuid de na gníomhartha seo liostaithe thíos.

**Bhí an Dr Rory O'Donnell ina bhall de na forais seo a leanas:**

- Coiste Feidhmeannach, An Institiúid um Ghnóthaí Idirnáisiúnta agus Eorpacha;

- Bord Chónaidhm Ard-Oideachais Réigiún Bhaile Átha Cliath;

- Líonra Ageing Well.

Cuireadh cuireadh roimhe labhairt ag na himeachtaí seo a leanas:

- An Ceathrú Siompóisiam Bliantúil um Thaighde Céimithe, Coláiste na nEolaíochtaí Daonna, Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath;

- Comhdháil Bhliantúil Institiúid Ríoga na nAiltirí in Éirinn, Cathair na Mart, Deireadh Fómhair 2010;

- Comhdháil Eacnamaíochta TASC;

- Seimineár South Dublin Innovates, Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas.

Le linn 2010 d'fhoilsigh sé na caibidlí seo a leanas in imleabhair eagraithe:

- 'Ireland: the Evolution of Social Pacts in the EMU era', in Phillipe Pochet, Maarten Keune and David Natali (eds) *After the Euro and Enlargement: Social Pacts in the EU*. An Bhruiséil: Observatoire Social

Europeen (in éineacht le Noel Cahill agus Damian Thomas).

- 'Negotiated Governance and Hybridity in Small European Countries: Ireland and Denmark', in Michael Boss (ed) *The Nation State in Transformation: Economic Globalisation, Institutional Mediation and Political values*. An Danmhairg: Preas Ollscoil Aarhus Press.

**Bhí an Dr Helen Johnston ina ball de na grúpaí seo a leanas:**

- Coiste Taighde Start Strong;

- Coiste Comhairleach um Chuimsiú Sóisialta Teicniúil;

- Bord an Lárionaid um Staidéir Thrasteorann;

- Grúpa Stiúrtha Chuibhreannas Shíocháin III.

Cuireadh cuireadh roimpi labhairt ag na himeachtaí seo a leanas:

- 'Leas Páistí' ag seimineár de chuid an Bhoird Náisiúnta um Leas Oideachais, 'Mapping the Landscape', (Márta, Baile Átha Cliath);

- 'Stretching a Public Resource: How do we ensure well-being?' ag Comhdháil na nOileán dar teideal 'Moving Housing Forward Together', an Institiúid Chairte Tithíochta, (Bealtaine, Contae na Dúin);

- 'An Inclusive Recovery - Income, Equality and Demand' ag Comhdháil an Fhómhair de chuid TASC, 'Towards Recovery', (Deireadh Fómhair, Baile Átha Cliath).

Chomh maith leis sin, scríobh sí caibidil i leabhar;

- 'Instruments for Implementation' in *EAPN Ireland and the European Social Inclusion Strategy* Baile Átha Cliath: EAPN.

**Bhí an Dr John Sweeney ina bhall de:**
- Bhord Young Ballymun agus bhí sé mar chathaoirleach ar Choiste Comhairleach Luachála an eagrais chéanna.

Cuireadh cuireadh roimhe labhairt ag na himeachtaí seo a leanas:
- Léacht Phoiblí, Scoil na hEolaíochta Sóisialta Feidhmní, COBÁC, The Developmental Welfare State in an Era of Retrenchment;

- Athbhreithniú FÁS ar chleachtais Chuimsithe Shóisialta, Seirbhísí atá Maoinithe go Poiblí a Chur in Oiriúint do Dhaoine Aonair;

- Taca Ioncaim Leanaí, Céim Bhaitsiléara in Eolaíocht Shóisialta, Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad;

- Athbhreithniú ar luach ar airgead, An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, Taca Ioncaim Leanaí in Éirinn: Comhthéacs Níos Leithne;

- Eagrais Uinseannacha, How Bad Were We? How Bad Are We? Is There Hope?

Scríobh sé
- alt in Business Plus, *What Did We Do Right?* (Deireadh Fómhair)

**Cuireadh cuireadh roimh an Dr Larry O'Connell labhairt ag na himeachtaí seo a leanas:**

- Aitheasc Oscailte ag Comhdháil Bhliantúil ar Fhorbairt Straitéiseach ag Bord Forbartha Contae Dhún na nGall, 'Ireland At Another Turing Point';

- 'Crisis and NESC Work' ag an Tionól Réigiúnach, Réigiún na Teorann, Lártíre agus an Iarthair;

- Comhdháil Futures ag Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, 'Getting ahead of the curve: Fostering innovation though futures thinking'.

**Bhí an Dr Anne Marie McGauran ina ball de na grúpaí seo a leanas:**

- Bord One Family;

- Coiste an Líonra um Polasaithe Sóisialta;

- An grúpa sainspéise um Obair, Bunaithe ar Fhianaise, le Daoine i bPobail san Ionad um Sheirbhísí Éifeachtacha;

- An sainghrúpa um príomhshruthú inscne san Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne.

D'fhreastail sí ar

- Chruinniú de chuid an Choiste Chomhairligh Náisiúnta maidir leis an Bhliain Eorpach chun an Bhochtaineacht agus an tEisiamh Sóisialta a Chomhrac 2010.

Bhí comhlach taighde aici sa Lárionad um Staidéar ar Chúrsaí na mBan agus Inscne i gColáiste na Tríonóide.

**Bhí an Dr Barry Vaughan:**

- mar Chathaoirleach ar Sheisiúin Chomhairliúcháin maidir le Páipéar Bán na Roinne Dlí agus Cirt (Bealtaine agus Deireadh Fómhair);

- mar Shainchomhairleoir ar phainéal creidiúnaithe HETAC i dtaca le clár acadúil, Coláiste an Teampaill Mhóir, agus

- Thug sé caint do Chumann Coireolaíochta na hEorpa in Liege i mí Mheán Fómhair.

Chomh maith leis sin, scríobh sé;

- 'The Governance of Crime and Negotiation of Justice' *Criminology and Criminal Justice* 10 (1): 59-75. (in éineacht le Shane Kilcommins).

- 'The Rise of the Regulatory Irish State: a response to Colin Scott' (in éineacht le Shane Kilcommins) in Ursula Kilkelly and Shane Kilcommins (eds). *Regulatory Wrongdoing in Ireland*. Baile Átha Cliath: First Law, pp. 83-108.

# AN FÓRAM NÁISIÚNTA EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA

Chuir an FNES tionscadail mhóra maidir leis an litearthacht agus pacáistí cúram baile i gcrích in 2009. D'fhoilsigh sé plépháipéar amháin in 2010 sular cuireadh deireadh leis i mí Mhárta na bliana sin.

**The Challenge of Community Participation in the Delivery of Public Services – *Exploring Local Participatory Governance in Ireland* (NESF)**

Is é atá sa phléthuarascáil seo creat trínar féidir tuiscint a fháil ar réimse na meicníochtaí rannpháirtíocht phobail/rialachais atá i bhfeidhm in Éirinn i láthair na huaire. Tá na meicníochtaí scagtha ina gceithre 'chrios':

- Crios 1 – Rialachas Rannpháirteach Inmheánach: lena n-áirítear Coistí Polasaithe Straitéiseacha ag na húdaráis áitiúla, Coistí Comhairleacha Áitiúla um Chóiríocht don Lucht Siúil;

- Crios 2 – I dTreo an Rialachais 'Out There': lena n-áirítear Boird Forbartha Contae agus Cathrach, struchtúir RAPID;

- Crios 3 – Rialachas Rannpháirteach 'Out There': lena n-áirítear Comhpháirtíochtaí Bunaithe ar Cheantair; agus

- Crios 4 – Eagrais um Shochaí Shibhialta: lena n-áirítear cumainn a dhéanann ionadaíocht ar phobail áitiúla, mhionlaigh eitneacha srl.

Bhí anailís mhion ar chás-staidéir sa Phlé-Thuarascáil maidir le feidhmniú meicníochtaí rialachais rannpháirtigh, agus aithníodh na rudaí a chuireann le rannpháirtíocht éifeachtach mar aon leis na rudaí atá mar chonstaic uirthi.



**An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta**
**16 Cearnóg Parnell**
**Baile Átha Cliath 1**

# AN tIONAD NÁISIÚNTA COMHPHÁIRTÍOCHTA AGUS FEIDHMÍOCHTA

D’fhoilsigh an INCF trí thurascáil idir Eanáir agus Márta 2010, tráth a cuireadh deireadh leis.

***National Workplace Surveys 2009 – The Changing Workplace: A Survey of Employers’ Views and Experiences (Sraith Thaighde Uimhir 6)***

Is ceann amháin de dhá imleabhar an tuarascáil seo bunaithe ar na Suirbhéanna Náisiúnta maidir leis an Áit Oibre 2009, rud a d’éiligh an Rialtas agus na Comhpháirtithe Sóisialta in 'I dTreo 2016’ (Roinn an Taoisigh, 2006). Mar chuid den tuarascáil rinneadh staidéar mion eimpíreach ar nádúr agus ar scála an athraithe agus na nuálaíochta san áit oibre san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach. Dhírigh an taighde ar eispéiris agus dearcadh daoine i dtaca leis an athrú agus an nuálaíocht san áit oibre ó dhá pheirspictíocht thábhachtacha – peirspictíocht an fhostóra agus peirspictíocht an fhostaí. Meastar an t-athrú san áit oibre ó pheirspictíocht na dtéamaí tábhachtacha polasaí a gcaithfidh an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach aghaidh a thabhairt orthu, lena n-áirítear bainistiú i gcomhthéacs lagtrá eacnamaíochta, iomaíochas a fheabhsú, leibhéil na nuálaíochta a mhéadú, an t-aistriú i dtreo an Gheilleagair Chliste agus athrú ó bhun ar na seirbhísí poiblí.

***National Workplace Surveys 2009 – The Changing Workplace: A Survey of Employees’ Views and Experiences (Sraith Thaighde Uimhir 7)***

Is ceann amháin de dhá imleabhar an tuarascáil seo bunaithe ar na Suirbhéanna Náisiúnta maidir leis an Áit Oibre 2009. Rinneadh gealltanas sa chomhaontú um chomhpháirtíocht shóisialta, ‘I dTreo 2016’ an taighde seo a dhéanamh. Dírítear sa tuarascáil seo ar eispéiris agus ar dhearcadh fostaithe agus tá sí bunaithe ar shuirbhé ar 5,110 fostaí a cuireadh faoi agallamh ar an ghuthán idir mí an Mhárta agus mí an Mheithimh 2009. Is é suirbhé 2009 an dara Suirbhé Náisiúnta ar Fhostaithe maidir leis an Áit Oibre; is in 2003 a rinneadh an chéad cheann. Mar sin de, is féidir anois athrú ar eispéireas na bhfosaithe agus ar áiteanna oibre in Éirinn a rianú thar thréimhse inar tháinig dianathrú ar chúrsaí.

***Participative Governance: An Integrated Approach to Organisational improvement and Innovation in Ireland’s Health Care System***

Rinne an INCF agus Fóram Náisiúnta Comhpháirtíochta na Seirbhísí Sláinte an tuarascáil seo a choimisiúnú i gcomhar lena chéile. Socraíodh an chéad lá ar a déanamh mar fhiosrúchán ar nádúr na hardfheidhmíochta i gcóras géarchúraim na n-ospidéal. Cé gurb iad ospidéil ghéarchúraim na hÉireann an comhthéacs don tuarascáil áirithe seo, baineann na torthaí le réimsí eile sa chóras sláinte agus, go deimhin, le seirbhísí eile poiblí.

Dírítear sa tuarascáil seo ar rólanna na mbainisteoirí, na gcomhaltaí foirne agus na gceardchumann agus ar an gcaidreamh eatarthu agus ar an dóigh a dtéann an dá rud seo i bhfeidhm ar fheidhmíocht agus torthaí. Thar aon rud eile, is é an cuspóir ná na coinníollacha a aithint inar féidir le comhaltaí

foirne ag gach leibhéal sna hospidéil tairbhe iomlán a bhaint as eolas, scileanna agus poitéinseal na nuálaíochta le feabhas de cháilíocht agus rialachas daingean a bhaint amach.



**An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta**
**16 Cearnóg Parnell**
**Baile Átha Cliath 1**

# POLASAITHE CUNTASAÍOCHTA

**Coinbhinsiún an Chostais Stairiúil**
Déantar an Ráiteas Airgeadais a ullmhú ar bhonn fabhraithe bunaithe ar choinbhinsiún an chostais stairiúil de réir na bprionsabal cuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta ach amháin nuair a chuirtear a mhalairt in iúl.

**Aitheantas ar Ioncam**
Áirítear deontas i gcabhair a fuarthas ó Roinn an Tosaigh sa Ráiteas Airgeadais ar bhonn admhálacha d'airgead tirim.

Áirítear ioncam ó dhíol foilseachán agus Ioncam Comhdhála de réir sonrasc. Má bhíonn an chuma air nach bhfaighfear an t-airgead atá dlite dúinn, déantar soláthar faoi choinne fiach amhrasach.

I gcásanna áirithe bíonn ONFES ag cur cómhaoiniú ar fáil in éineacht le heagrais eile do thionscadail a mhaireann níos mó ná bliain amháin. Áirítear an t-ioncam seo ar bhonn admhálacha d'airgead tirim.

**Airgeadra Eachtrach**
Déantar bearta a dhéantar in airgeadra eile seachas an euro a thaifead de réir na rátaí a bhí i bhfeidhm ar an lá a rinneadh an beart nó ar lá ar leith a socraíodh ina leith de réir conartha. Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadaíocha a aistriú go euro ar dháta an chláir chomhardaithe nó ar dháta a socraíodh de réir conartha.

Pléitear le difríochtaí malartaithe sa Ráiteas ar an Chuntas Ionaim agus Caiteachais.

**Sócmhainní Inláimhsithe**
Luaitear Sócmhainní Inláimhsithe mar an costas lúide dímheas carnach. Déantar dímheas a ríomh d'fhonn costas na sócmhainní inláimhsithe a dhíscríobh go dtí na luachanna measta iarmharacha a bhaineann leo thar thréimhse mheasta a saolré úsáidí trí thráthchodanna cothroma bliantúla.

Is é seo a leanas saolré úsáideach mheasta na sócmhainní inláimhsithe a bhfuil dímheas ríofa bunaithe orthu:

Troscán: 10 mbliana
Trealamh: 5 bliana.

**Aoisliúntas**
Faoi láthair tá scéim aoisliúntais ONFES á faomhadh ag an Taoiseach le toiliú an Aire Airgeadais.

Ní bheidh ceithre chomhalta foirne atá ar iasacht ó ranna eile rialtais clúdaithe ag scéim aoisliúntais ONFES. Is amhlaidh a chuireann na ranna cuí rialtais sonrasc chuig ONFES faoi choinne Tuarastal, PRSI an Fhostóra agus Aoisliúntas na gcomhaltaí foirne atá ar iasacht. Déantar na sonraisc seo a fhabhrú ar bhonn míosúil agus gearrtar iad as an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais. Bíonn an Roinn chuí freagrach as an fheidhm phárolla agus aoisliúntais a bhaineann leis na comhaltaí foirne seo.

Níl forálacha FRS 17 curtha i bhfeidhm ag an Bhord go fóill; táthar ag fanacht leis an Taoiseach scéim aoisliúntais ONFES a cheadú.

# RÁITEAS AIRGEADAIS ONFES

## Ráiteas Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010*

*Tugtar ar aird: Níl an Ráiteas Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010 iniúchta go fóill.

# Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais

| | Nóta | 2010<br>€ | 2009<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Deontas i gcabhair ón Oireachtas | **1** | 2,534,750 | 3,401,066 |
| Ioncam Eile | **2** | 995 | 77,062 |
| | | 2,535,745 | 3,478,128 |
| Aistriú ó/(go dtí) an Cuntas Caipitil | **11** | 18,812 | 34,480 |
| | | 2,554,557 | 3,512,608 |
| **Caiteachas** | | | |
| Pá agus Tuarastail | **3** | 1,785,173 | 2,230,682 |
| Costais Eile Oibríochta | **5** | 848,464 | 1,876,220 |
| Caillteanas as diúscairt | | 4,010 | - |
| Dímheas | **6** | 52,871 | 44,235 |
| | | 2,690,518 | 4,151,137 |
| (Easnamh) don bhliain | | (135,961) | (638,529) |
| Iarmhéideanna aistrithe ar 1 Eanáir | | 233,665 | 872,194 |
| Iarmhéid tugtha ar aghaidh | **9** | 97,704 | 233,665 |



**An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta**
**16 Cearnóg Parnell**
**Baile Átha Cliath 1**

# Clár Comhardaithe amhail 31 Nollaig 2010

| | Nóta | 2010 € | 2009 € |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Inláimhsithe** | **6** | 103,384 | 122,196 |
| **Sócmhainní Reatha:** | | | |
| Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí | **7** | - | 31 |
| Iarmhéid Bainc agus Airgead Tirim | **10** | 237,970 | 419,071 |
| | | 237,970 | 419,071 |
| **Dliteanais Reatha:** | **8** | 140,266 | 185,437 |
| Creidiúnaithe agus Fabhruithe | | | |
| **Glanshócmhainní / (Glandliteanais) Reatha** | | 97,704 | 233,665 |
| **Glanshócmhainní Iomlána** | | 201,088 | 355,861 |
| **Airgeadaithe ag:** | | | |
| Cuntas Caipitil | **11** | 103,384 | 122,196 |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | **9** | 97,704 | 233,665 |
| | | 201,088 | 355,861 |

## Ráiteas um Shreabhadh Airgid Thirim

| | Nóta | 2010<br>€ | 2009<br>€ |
|---|---|---|---|
| *Réiteach an bharrachais le hairgead tirim glan (amach) ó ghníomhaíochtaí oibríochta* | | | |
| (Easnamh) don Bhliain | | (135,961) | (638,529) |
| Muirear Dímheasa | | 52,871 | 44,235 |
| Diúscairt Sócmhainní Seasta | | 9,125 | - |
| (Laghdú) / Méadú sa Chuntas Caipitil | **11** | (18,812) | (34,480) |
| Laghdú / (Méadú) ar Fhéichiúnaithe | | 31 | 21,912 |
| (Laghdú) ar Chreidiúnaithe | | (45,171) | (172,336) |
| *Airgead Tirim Glan (Amach) i dtaca le Gníomhaíochtaí Oibríochta* | | (137,917) | (779,198) |

**Ráiteas um Shreabhadh Airgid Thirim**

| | Nóta | 2010<br>€ | 2009<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Airgead Tirim Glan (Amach) / Isteach i dtaca le Gníomhaíochtaí Oibríochta** | | (137,917) | (779,198) |
| Caiteachas Caipitiúil | **11** | (43,184) | (9,755) |
| **(Laghdú) ar Airgead Tirim sa bhliain** | | (181,101) | (788,953) |

**Réiteach sreabhadh glan airgid thirim le gluaiseacht cistí glana (Nóta 10)**

| | 2010<br>€ | 2009<br>€ |
|---|---|---|
| (Laghdú) ar Airgead Tirim sa bhliain | (181,101) | (788,953) |
| Cistí Glana amhail 1 Eanáir | 419,071 | 1,208,024 |
| **Cistí Glana amhail 31 Nollaig** | 237,970 | 419,071 |

**Nótaí**

**1 Tarraingt Ioncaim ón Deontas Oireachtais**

| | 2010 € | 2009 € |
|---|---|---|
| Tarraingt Ioncaim ón Deontas Oireachtais | 2,534,750 | 3,401,066 |

**2 Ioncam Eile**

| | 2010 € | 2009 € |
|---|---|---|
| Ioncam Cómhaoinithe | - | 73,859 |
| Díol Foilseachán | 855 | 1,148 |
| Ús Bainc | 140 | 1,419 |
| Ioncam Comhdhála agus Éagsúil | - | 636 |
| | 995 | 77,062 |

**3 Pá agus Tuarastail**

| | 2010 € ONFES | 2010 € CNES | 2010 € FNES | 2010 € INCF | 2010 € Iomlán ONFES | 2009 € Iomlán ONFES |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Pá agus Tuarastail | 184,343 | 1,232,816 | 50,025 | 178,440 | 1,645,624 | 2,078,731 |
| Costais Leasa Shóisialaigh | 7,705 | 117,116 | 4,929 | 9,799 | 139,949 | 151,951 |
| | 192,049 | 1,349,932 | 54,954 | 188,239 | 1,785,173 | 2,230,682 |

Ba é líon meánach na bhfostaithe le linn na bliana: **21** **24**

Tá €98,416 (2009: €101,666) mar thobhach pinsin bainte ar shiúl ón fhoireann agus íoctha le Roinn an Taoisigh.

Fuair Príomhoifigeach ONFES, atá mar Stiúrthóir ar CNES chomh maith, €170,648 mar chúiteamh i dtaca lena ról mar Stiúrthóir ar CNES don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010. Mar fhostaí lán-aimseartha de chuid CNES, fuair an Príomhoifigeach liúntas in áit aoisliúntais agus ní ball den scéim phinsin é. Ní bhfuair an Príomhoifigeach cúiteamh, luach saothair ná speansais i leith a roil mar Phríomhoifigeach ar ONFES.

Fuair na comhaltaí Boird, Peter Cassells agus Maureen Gaffney, €21,000 agus €22,061 faoi seach mar chúiteamh don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010. Íocadh an cúiteamh seo de réir an Achta um an Oifig Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialach, 2006. Ní bhfuair Cathaoirleach an Bhoird, Dermot McCarthy, aon chúiteamh le linn na tréimhse seo. Is fostaithe lán-aimseartha de chuid ONFES agus Roinn an Taoisigh iad comhaltaí an Bhoird agus ní fhaigheann siad aon táillí ná speansais as a bheith ar Bhord ONFES.

| 4 | <u>**Pinsin**</u> | **2010** | **2009** |
|---|---|---|---|
| | | **€** | **€** |
| | Tá an méid seo a leanas san áireamh le pá agus tuarastail i nóta 3: | | |
| | Ranníocaíochtaí fostaithe sa scéim phinsin | 9,606 | 12,384 |

| 5 | Costais Oibríochta | 2010 | 2010 | 2010 | 2010 | 2010 | 2009 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | € | € | € | € | € | € |
| | | OFNES | CNES | FNES | INCF | Iomlán ONFES | Iomlán ONFES |
| | Táillí Comhairleachta | 2,676 | - | - | 22,415 | 25,091 | 227,119 |
| | Clódóireacht agus Foilseacháin | 4,373 | 32,890 | 10,773 | 40,133 | 88,169 | 475,959 |
| | Taisteal agus Cothabháil | 4,273 | 15,928 | 271 | - | 20,472 | 39,422 |
| | Comhdhálacha agus Seimineáir | 17,115 | 8,256 | - | 4,824 | 30,195 | 115,099 |
| | Oiliúint | 47,657 | - | - | - | 47,657 | 57,138 |
| | Postas, Tacsaithe agus Teachtairí | 9,503 | - | - | 3,958 | 13,461 | 31,895 |
| | Seirbhísí Leabharlainne | 25,412 | - | - | - | 25,412 | 28,084 |
| | Fógraíocht agus Caidreamh Poiblí | - | - | 90 | - | 90 | 9,238 |
| | Riarachán | 1,250 | 732 | - | - | 1,982 | 1,669 |
| | Táillí Proifisiúnta | 44,215 | - | - | - | 44,215 | 41,007 |
| | Guthán | 18,415 | - | - | - | 18,415 | 30,638 |
| | Stáiseanóireacht | 17,472 | - | - | - | 17,472 | 29,493 |
| | Costais TF agus Suíomh Idirlíon | 96,278 | 726 | - | - | 97,004 | 108,629 |
| | Cíos agus Muirir as Seirbhísí | 418,829 | - | - | - | 418,829 | 680,830 |
| | | 707,468 | 58,532 | 11,134 | 71,330 | 848,464 | 1,876,220 |

| 6 Sócmhainní Inláimhsithe | Trealamh | Troscán | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | € | € | € |
| **Costas** | | | |
| Iarmhéid amhail 1 Eanáir 2010 | 349,061 | 92,984 | 442,045 |
| Breisiúcháin | 31,368 | 11,816 | 43,184 |
| Diúscairtí | (44,310) | - | (44,310) |
| Iarmhéid amhail 31 Nollaig 2010 | 336,119 | 104,800 | 440,919 |
| **Dímheas** | **Trealamh** | **Troscán** | **Iomlán** |
| Iarmhéid amhail 1 Eanáir 2010 | 253,930 | 65,919 | 319,849 |
| Muirear don bhliain | 41,151 | 11,720 | 52,871 |
| Díchur dímheasa i ndiaidh diúscartha | (35,185) | - | (35,185) |
| Iarmhéid amhail 31 Nollaig 2010 | 259,896 | 77,639 | 337,535 |
| **Glanluach de réir na Leabhar** | | | |
| Amhail 31 Nollaig 2010 | 76,223 | 27,161 | 103,384 |
| Amhail 31 Nollaig 2009 | 95,131 | 27,065 | 122,196 |

| 7 | **Féichiúnaithe** | **2010** | **2009** |
|---|---|---|---|
| | | **€** | **€** |
| | Féichiúnaithe Éagsúla | - | 31 |

| 8 | **Creidiúnaithe** | **2010** | **2009** |
|---|---|---|---|
| | | € | **€** |
| | Creidiúnaithe Trádála | 4,457 | 29,503 |
| | Fabhruithe | 88,381 | 52,953 |
| | Ioncam | 47,428 | 102,981 |
| | | 140,266 | 185,437 |

**9 Cúlchiste Ioncaim agus Caiteachais (Barrachas/(Easnamh)**

Tá an Cúlchiste Ioncaim agus Caiteachais atá nochtaithe ar an gClár Comhardaithe ar Leathanach 17 comhdhéanta den mhéid seo a leanas:

| | **2010** | **2009** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Iarmhéideanna aistrithe amhail 1 Eanáir | 233,665 | 872,194 |
| Barrachas / (Easnamh) don bhliain | (135,961) | (638,529) |
| Iarmhéid amhail 31 Nollaig | 97,704 | 233,665 |

| | | 2010 | 2009 |
|---|---|---|---|
| 10 | **Airgead Tirim agus Iarmhéideanna Bainc** | **2010** | **2009** |
| | | **€** | **€** |
| | Iarmhéideanna an Chuntais Reatha | 69,060 | 66,651 |
| | Iarmhéideanna an Chuntais Thaisce | 168,352 | 352,116 |
| | Airgead Tirim ar Láimh | 558 | 304 |
| | | 237,970 | 419,071 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 11 | **Cuntas Caipitil** | **2010** | **2009** |
| | | **€** | **€** |
| | Iarmhéideanna aistrithe amhail 1 Eanáir | 122,196 | 156,676 |
| | *Aistriú chuig an Chuntas Ioncaim agus Caiteachais* | **2010** | **2009** |
| | Ioncam lenar ceannaíodh Sócmhainní Seasta | 43,184 | 9,755 |
| | Amúchadh de réir dímheasa | (52,871) | (44,235) |
| | Diúscairt sócmhainní seasta | (9,125) | - |
| | | (18,812) | (34,480) |
| | Iarmhéid amhail 31 Nollaig | 103,384 | 122,196 |



An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta
16 Cearnóg Parnell
Baile Átha Cliath 1

**Faomhadh na Ráiteas**

**12 Airgeadais**

Rinne Bord ONFES an Ráiteas Airgeadais a fhaomhadh ar 17ú Meitheamh, 2011.

# AGUISÍN A

## 1.1 Comhaltaí Boird ONFES

- Dermot McCarthy, Roinn an Taoisigh (Cathaoirleach)
- Philip Kelly, Roinn an Taoisigh

Príomhoifigeach ONFES, An Dr Rory O'Donnell

## 1.2 Comhaltaí Comhairle CNES

Is iad seo a leanas na daoine a ainmníodh mar chomhaltaí Comhairle 2007-2010:

- Dermot McCarthy (Cathaoirleach)
- Mary Doyle

**5 chomhalta as measc Lucht Gnó agus Fostóirí**

- Siobhán Masterson, Feidhmeannach Sinsearach Polasaithe, IBEC
- Danny McCoy, Stiúrthóir Polasaithe, IBEC
- Tom Parlon, Ard-Stiúrthóir, Cónaidhm an Tionscal Foirgníochta
- John Dunne, Príomhfheidhmeannach, Cumainn Thráchtála na hÉireann
- Tony Donohoe, Ceannasaí Polasaí Shóisialta agus Oideachais, IBEC

**Comhaltaí Ionaid:**

- Geraldine Anderson, IBEC
- Fergal O'Brien, Eacnamaí Sinsearach, IBEC
- Brendan Butler, Stiúrthóir Straitéisí, Trádála, AE agus Gnóthaí Idirnáisiúnta

**5 chomhalta ón Earnáil Feirmeoireachta agus Talmhaíochta**

- Eddie Punch, Ard-Rúnaí, ICSA
- Séamus O'Donohoe, Rúnaí, ICOS
- Ciarán Dolan, Ard-Rúnaí, ICMSA
- Pat Smith, Ard-Rúnaí, IFA
- Edmond Connolly, Uachtarán Náisiúnta, Macra na Feirme

**Comhaltaí Ionaid:**

- Malcolm Thompson, Uachtarán, ICSA
- John Tyrrell, Ard-Stiúrthóir, ICOS
- Derry Dillon, Oifigeach Polasaithe Talamhaíochta, Macra na Feirme

**5 chomhalta as an Earnáil Phobail agus Dheonach**

- An tAthair Seán Healy, Social Justice Ireland
- Séamus Boland, Nasc Tuaithe na hÉireann
- John Dolan, Cónaidhm na hÉireann um Míchumas
- Bríd O'Brien, Eagraíocht na hÉireann do Dhaoine Dífhostaithe
- Orla O’Connor, Comhairle Náisiúnta na mBan

**Comhaltaí Ionaid:**

- James Doorley, Comhairle Óige na hÉireann
- Karen Murphy, Comhairle na hÉireann um Thithíocht Shóisialta
- Deirdre Garvey, The Wheel
- Liam O'Dwyer, An Chomhghuaillíocht um Chearta Leanaí

**5 chomhalta ó na Ceardchumainn**

- Peter McLoone, Ard-Rúnaí, IMPACT
- David Begg, Ard-Rúnaí, ICTU

- Sally Anne Kinahan, Ard-Rúnaí Cúnta, ICTU
- Jack O'Connor, Ard-Uachtarán, SIPTU
- Manus O'Riordan, Eacnamaí, SIPTU

**Comhaltaí Ionaid:**

- Marie Sherlock, An Roinn Taighde, SIPTU
- Loraine Mulligan, An Roinn Taighde, SIPTU
- Brendan Hayes, Leas-Uachtarán, SIPTU
- Esther Lynch, Oifigeach Reachtaíochta agus Gnóthaí Sóisialta, ICTU

**Comhalta amháin ón Earnáil Chomhshaoil**

- Oisín Coghlan, Stiúrthóir, Cairde na Cruinne, Éire

**Comhaltaí Ionaid:**

- Charles Stanley-Smith, Cathaoirleach, An Taisce
- Michael Ewing, Comhordaitheoir, An Colún Comhshaoil

**4 chomhalta ainmnithe ag an Taoiseach**

- An Dr Seán Barrett, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
- Con Lucey
- An tOllamh Peter Clinch (tháinig deireadh lena chomhaltacht i mí an Mheithimh 2008)
- An tOllamh Elizabeth Meehan, Ollscoil na Banríona

**Ard-Rúnaithe**

Kevin Cardiff, An Roinn Airgeadais

Seán Gorman, An Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta

Bernadette Lacey, An Roinn Coimirce Sóisialta

Geraldine Tallon, An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil

Brigid McManus, An Roinn Oideachais agus Scileanna

**Comhaltaí Ionaid ón Roinn Airgeadais:**

Michael McGrath

John O'Connell



**An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta**
**16 Cearnóg Parnell**
**Baile Átha Cliath 1**